Dealg athálaidh othras Taidhg

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 79]

Eochaidh Ó hEóghusa .cct.

1 Dealg athálaidh othras Taidhg;
dar n-antráthaibh tochta an tuilg;
créacht oile ar fheolfhoghail ndeilg
loighe an deirg bheoghonaigh bhuirb.

2 Ar n-eagla tar éis gach chráidh
an té ro budh teasgadh dhúin;
is sádhadh deilg deoidh i ndeoidh
i n-áladh bheoil dheirg nar dhúin.

3 Rugadh uain-ne - anba an choill -
na huaisle fa hannsa linn;
fuighleach áir chathshlóigh Ó gCuinn
do bháidh i dtuinn athbhróin inn.

4 An Aodhchlann rer dheacar dréim
do heasgradh go haonchrann siuil;
damhraidh as daithe do-chuaidh
saithe sluaigh bharrghlain Ó mBriúin.

5 Gan iarsma leanfas a lorg
ar ealbha na ngliadhchath ngarg
ní tearc m’aithghin trá ro threaghd
dealg san aithchneidh mar tá Tadhg.

6 Táinig d’othras eidhre Briain
gan dochar eile ar ar n-úidh
 - ar dtreabhlaid fa súgradh sáimh -
dúbladh cráidh gur dhearlaig dhúinn.

7 Níor theinn go heasgar an fhir;
níor theidhm achd teasgadh mar sein,
beag más tinne an tí ar a bhfuil;
níor doigh linn-ne ní achd a neimh.

8 Ní rángas deacar go a dháil,
go a theasgadh ní tángas fúinn;
do b’í an chreach-sain críoch ar leoin;
easbhaidh ’n-a dheoidh ní díoth dhúinn.

9 Beo ar n-aignidh, éanlaogh ar léis,
ar ngéagcraobh go n-aibche fháis,
snáithe ar saoghail, seadh ar gcruais,

ar nguais, ar gcneadh bhaoghail bháis.

10 Ar meadhar, ar macámh búidh,
ar mbradán beathadh, ar mbrígh,
ar n-aon d’fhine, iarsma ar n-áir,
dile ar ngráidh, ar siansa sídh.

11 Iomdha cruth i n-éagcruth uadh
is céadfadh dá cur ar gcúl,
títhe greanta ar mhíonbhun méar,
dearca fréamh gcíordhubh dá gcrúdh.

12 Ní tearc triathfhlaith gan chur gcrú
is fiallach nach glac a ngó
’n-a los-sain ’n-a loighe a-tá
’s croidhe mná ’n-a chosair chró.

13 Ní cleachtar corma ná ceol,
leantar don orchra mon-uar
folcadh feadh gciabhchorach gclaon
niamhthonach taobh ngeal na ngruadh.

14 Iomdha ó leathbhruach Léime an Chon
go hÉirne na ngealchuan ngeal
beochroidhe ar n-a ghoin ón ghal
goil ban is eolchuire fhear.

15 Le dubhadh eagla mon-uar
don chur-so ní leagar lámh;
níor fheac sinn le sealadh fúnn
ní bearar glún linn do lár.

16 Ní dó uile is eagal linn
a thuisle achd go dteasgfa sinn,
buille ar mbuana, béim ar gcroinn;
fa coill gan fhréimh uadha inn.

17 Ní hé caointear achd cách féin;
dá gach aoinneach do b’fháth bróin;
do sheich sna croidibh ro chráidh
gráin gach neith badh doiligh dhóibh.

18 Ní hiongnadh go gcaoinfeadh cách
fraoichneimh na bhfionghal ’s na bhfuath,
fearg na síon, catha na gcríoch,
fíoch na ríogh, tacha na dtuath.

19 Gár mheisde don mhac-sain Briain
a sgarad re a mbeirtibh bróin

mar shompla cobhartha cháigh;
nochttha dháibh comhartha cóir.

20 Is iad caointear ceann i gceann
gion go saoiltear gan iad ann,
súgh talmhan, tromthoirthe coll,
torchairthe tonn marbhghlan mall.

21 ’N-a othraisbheirt faghthar faill,
ná hadmhadh othairchneidh dtruim;
sgiamh aithmhéile ní háil linn
ar rinn áigh caithfhréimhe Ó gCuinn.

22 Éirgheadh sunna ar chomhair cháigh
i [gcosmhaile] a chrotha féin;
sgaradh sé a dhíchealtair ndúir
re a ghné mbúidh síthshearcaigh séimh.

23 Ní hoircheas a bheith - ní bhia -
mar sein san troimcheas i dtá;
cuirthe do ghríbh ghroighigh Chua
brígh nua sna croidhibh do chná.

24 Gan dulann re dathadh colg,
fulang gan amharc na n-ard,
gan fhaghla, gan iomramh sealg -
iongnadh an cheard tharla ar Thadhg.

25 Ní sgíos comhnuidhe do chleacht,
ní sníomh tromthuirse, ní tocht,
oigheadh cnámhtha cruaidhe cniocht
 - gé thártha riocht nuaidhe a-nocht.

26 Meince a aghadh ar fhál reann
go dtrásd iná i dtathamh throm
bas daithgheal le ndeargthair lann
bann tre cheardchaibh caithshleagh gcorr.

27 A chos chuinge catha Ó mBriuin,
do luighe is tacha dar dtreoir,
a chisde na gcianbhann lúidh
nach brisde fúibh fiarbharr feoir.

28 Táirtheabhar - gá truaighe treas -
táithcheangal go nuaidhe a-nos;
cúis tuirse mar táithe i nglas
fa gnáithe i n-as cuisne an chos.

29 Mac Máire ar n-annsacht - liach linn -

Tadhgmhac Briain, ar mbráighe ghill,
ar gclár tilte, ar dtuir gan bhuing,
ar nguin buinn, ar dticne tinn.

30 Ar ndá Aoidh-ne an Eanaigh bhí
a n-imtheacht do mhearaigh mé;
deacar meas m’inshníomha ar aoi
rom chnaoi i gceas dimbhríogha a Dhé.  Dealg.